RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/428 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Feabhra 2023

lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2017/1770 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1770 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí ([1]) agus go háirithe Airteagal 12(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Meán Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/1770.

(2) An 13 Nollaig 2021, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2021/2201 ([2]) ón gComhairle ionas go mbeadh éifeacht ag Cinneadh (CBES) 2021/2208 ([3]), lenar bunaíodh creat nua lena gceadaítear bearta sriantacha i gcoinne daoine aonair agus eintitis atá freagrach as síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhailí a chur i mbaol, nó as bac a chur ar a aistriú polaitiúil a chur i gcrích go rathúil nó an bonn a bhaint de chur i gcrích rathúil an aistrithe sin.

(3) An 24 Eanáir agus an 21 Márta 2022, thug an Chomhairle dá haire gur chinn na hÚdaráis Aistrithe comhoibriú le fórsaí tuarastail an Ghrúpa Wagner atá cleamhnaithe leis an Rúis, ar fórsaí iad a bhain míchlú amach as ainghníomhartha a dhéanamh, go háirithe sáruithe tromchúiseacha chearta an duine san Úcráin, sa tSiria, sa Libia, i bPoblacht na hAfraice Láir, sa tSúdáin, i Mailí agus i Mósaimbíc, lena n-áirítear céasadh agus básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achoimre nó treallacha. Cháin an Chomhairle an Grúpa Wagner as bheith ar an láthair.

(4) I bhfianaise na staide tromchúisí leanúnaí i Mailí, ba cheart duine amháin a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 251, 29.9.2017, lch. 1.
([2]) Rialachán (AE) 2021/2201 an 13 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1770 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 446, 14.12.2021, lch. 1).
([3]) Cinneadh (CBES) 2021/2208 ón gComhairle an 13 Nollaig 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 446, 14.12.2021, lch. 44).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Feabhra 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach faoin gceannteideal “Liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2b”:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
“6.	Ivan Aleksandrovitch MASLOV Иван Александрович МАСЛОВ	Dáta breithe: 11.7.1982 nó 3.1.1980 Áit bhreithe: Arkhangelsk / Chuguevka village, Chuguev district, Primorsky territory Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Feidhm: Ceann an Ghrúpa Wagner i Mailí Seoladh: Anaithnid, cláraithe sa bhaile Shatki, sa réigiún Nizhni Novgorod de réir ‘All eyes on Wagner’	Is é Ivan Aleksandrovitch Maslov ceann an Ghrúpa Wagner i Mailí, a bhfuil a láithreacht sa tír méadaithe ó dheireadh 2021 i leith. Cuireann láithreacht Wagner i Mailí síocháin, slándáil agus cobhsaíocht na tíre i mbaol. Go háirithe, bhí saighdiúirí tuarastail Wagner páirteach i ngníomhartha foréigin agus i sáruithe iomadúla chearta an duine i Mailí, lena n-áirítear maruithe seachbhreithiúnacha, mar a rinneadh le linn an ‘Moura massacre’ ag deireadh mhí an Mhárta 2022. Mar cheannaire áitiúil an Ghrúpa Wagner, dá bhrí sin, tá Ivan Maslov freagrach as gníomhaíochtaí an Ghrúpa Wagner a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhailí i mbaol, go háirithe rannpháirtíocht an ghrúpa sin i ngníomhartha foréigin agus i sáruithe chearta an duine.	25.2.2023”.